

❖ An Lúibín ❖

31 Eanáir 2012

Scéimeanna teanga

Agus aighneas ar siúl faoi stádas an Choimisinéara Teanga, bhí searbhias breá blasta le fáil i litir chun Gaelscéal ar 18/1/12. Dúirt fear scríofa na litreach gur chur amú airgid go huile is go hiomlán an post sin agus ar bhain leis. Ní bheadh aon rath ar an teanga nó go bhfágfaí réidh leis an éigeantas is leis an gciapadh ar gníomhaireachtaí agus ar oifigh stáit. Bhí an ceacht sin foghlamtha i bhfad ó shin, a dúirt mo dhuine, nó ba chóir go mbeadh.

Is léir anois go bhfuil an fear úd agus Seán Ó Cuirreáin, Coimisinéir Teanga, ar aon intinn ar bhealach. Deir an Coimisinéir gur beag rath a bhí ar na scéimeanna teanga a bhí á socrú ag comhlachtaí stáit le Roinn na Gaeltachta. Tá sé de chuspóir ag na scéimeanna caighdeán na seirbhísí Gaeilge a feabhsú. Tá neart acu imithe as feidhm, áfach, agus gan aon scéim nua curtha i bhfeidhm, agus sin gan trácht ar an méid ama ab éigean a chaitheamh ar chuid acu a dhaingniú sa chéad dul síos.

Is cuid suntais iad Oifig an Uachtaráin, an Chomhairle Ealaíon, an tSeirbhís Chúirteanna, Comhairle Contae na Gaillimhe, Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, an Roinn Oideachais agus Scileanna agus Oifig an Ombudsman, sa mhéid go bhfuil a gcuid scéimeanna teanga imithe as feidhm le breis agus trí bliana. Ní fios an feabhas nó a mhalairt a tháinig ar a gcuid Gaeilge idir an dá linn. Tá deich gcomhlacht eile nár iarradh orthu dréachtscéim a ullmhú le breis is cúig bliana anuas.

Má iarrann Aire na Gaeltachta ar chomhlacht dréachtscéim a ullmhú bíonn tréimhse sé mhí acu chun é a dhéanamh, agus bíonn babhta díospóireachta ag an gcomhlachta agus ag Roinn na Gaeltachta idir an dá linn. B'fhearr leis an gCoimisinéir an córas a athchóiriú agus dualgas teanga ar leith a bheith ar dhá shaghas comhlachtaí: iad siúd a bhfuil éileamh mór ar a gcuid seirbhísí, agus cinn eile atá ag plé, a bheag nó a mhór, le ceantair Ghaeltachta. Ní bheadh costas breise ag gabháil leis seo.

Dealraíonn sé nach bhfuil ranna rialtais róbhuartha faoi na gnóthaí seo ach oiread, mar nach ndúirt aon cheann acu cá mhéad a caitheadh ar chúrsaí teanga ná ar aistriúcháin anuraidh.



Blas an olcais (nó 'bainigí gafa léi')

Cliseadh na Gaeilge éigeantaí in Éirinn is cúis le daoine feidhm a bhaint as Google Translate. Tarraingíodh ár n-aird ar na leaganacha fíorshuimiúla thíos:

Find a vacant table and note its number - *Aimsiú tábla folamh agus nóta a líon.*

Place your order at the bar and pay - *Bhfeidhm d'ordú ag an mbarra agus pá.*

Your order will be brought to the table - *Beidh d'fhonn a bhreith leat chuig an tábla.*

Please purchase drinks at the bar - *Cuir deochanna a cheannach ag an mbarra.*

Mura bhfuil do dhóthain léite agat, seo cúpla ceann eile ó shuíomh Chomhdháil Eocairisteach 2012 (www.iec2012.ie):

*Cé atá muid? - Who are we?
Bainigí gafa léi - Get involved!*

Agus seo seoid eile (ag déanamh tagairt d'fhíseán na Comhdhála):

Tá an ceangal thuasluaite don físeán gairid chun a cur chun cinn an comhdháil agus tá sé ag cuireadh duit chun tar linn ar an dturas mar atá mhuintir na tíre ag ullmhú le aghaidh an comhdháil chorp chríost i mBaile átha Cliath I 2012.



Nicholas M. Wolf agus leá débhríoch na Gaeilge

Scoláire óg ó Mheiriceá is ea an Dr Nicholas Wolf, é ina Ghaeilgeoir agus ina staraí. Cuid den Athbheochan Mheiriceánach é ina phearsa féin, agus tá an-mhachnamh déanta aige ar mheath na Gaeilge sa 19ú haois – meath, dar leis, a bhí níos casta, níos neamhdhírí, níos fineáilte ná mar a shamlaítear. Is garr ó bhí sé in Melbourne, príomhchathair Victoria na hAstráile, ag déanamh taighde ar théacsanna Gaeilge de chuid na hAthbheochana i mbailiúchán mór Niocláis Uí Dhomhnaill.¹

Ní mór an meas atá aige ar roinnt teoiricí ar glacadh go forleathan leo go dtí seo. Deir sé gur beag an chabhair sna cúrsaí seo an structúrachas agus an tsuim Shaussureach i loighic agus in eagrú na cumarsáide seachas an chaint a scrúdú mar rud fisiceach agus cultúrtha. Ní gá gurb ionann laghdú ar líon cainteoirí teanga agus ísliú stádas na teanga sin, ós féidir meas a bheith ar theanga fiú tar éis di dul i léig.

Déanann sé tagairt don ghnáth-thuairim gur chuir an dá theanga iad féin in iúl trí fhoirmeacha cultúrtha difriúla. Mhaití, mar shampla, gur trí Bhéarla amháin a fuair na hÉireannaigh eolas ar chúrsaí polaitíochta, rud a chuideodh le Béarlú na tíre. Chun an scéal sin a bhréagnú, a deir Wolf, ní gá ach cuimhneamh ar thráchtairacht pholaitiúil na scríobhaithe Gaeilge roimh an Drochshaol.

Is é an deacracht atá ann le fada an lá, dar leis, an iomarca airde a bheith á tabhairt ar dhearcadh úrscéalaithe meánaicmeacha, filí agus scríobhaithe Gaeilge, náisiúnaithe agus lucht riaracháin chun léargas a fháil ar staid agus ar mheath na Gaeilge. Tá a leagan siúd den scéal, a deir sé, i dtaobh le cúrsaí aicme, le himirt cumhachta agus lena gcuid cuspóirí. Tá tairbhe le fáil as na mílte lámhscríbhinn a d'fhág an chéad chuid den 19ú haois againn, ach ní mór cuimhneamh ag an mbá a bhí ag lucht a scríofa leis an seansaol uasalaicmeach agus ar an gclaonadh a bhí acu chun an teanga a mheas de réir an ama a chuaigh thart. Bhain Wolf feidhm as foinsí a dhéanfadh léiriú díreach ar dhearcadh an ghnáthphobail i leith na teanga, go háirithe Cruasach Bhéaloideas Éireann, agus rún aige glacadh go neamhchlaonta lena raibh le fáil.

Deir sé go bhfuil fianaise ann go raibh comhdhearcadh náisiúnta ag pobail Ghaeilge de bharr chomhnascadh creidimh, teanga agus staire, cé go ndearna an Ghaeilge an comhnascadh seo a lagú agus í ag cothú féinaitheantas fíoráitiúil.

Bhí an-bhaint riamh ag an teanga leis an gCríostaíocht agus leis an gCaitliceachas go háirithe, baint a mhair tar éis gur chúlaigh an Ghaeilge ón gcuid eile den saol. Thug cuid de na heaspaig iarracht ar shagairt le Gaeilge a sholáthar do phobail Ghaeilge agus mhol siad úsáid na teanga sa séipéal. Deirtear gur neartaíodh úsáid an Bhéarla de bharr leasú nósanna adhartha agus bhuanú an cheartchreidimh nua iar-Thriontaigh, ach is minic a d'éascaigh an socrú nua úsáid na Gaeilge.

Ní fíor ach oiread, dar le Wolf, go raibh lagú na teanga ag brath, a bheag nó a mhór, ar stádas íseal lucht a labhartha, ó tá déanta amach aige go raibh a lán miondifríochtaí ag baint le haicme agus le haigne na bpobal a bhí ag tiontú ar an mBéarla.

¹ <http://www.isos.dias.ie/irish/index.html>

An Eaglais

Ar an Eaglais Chaitliceach a chuirtear cuid mhaith den mhilleán as leá na Gaeilge sa 19ú haois. Is é barúil Wolf nach bhfuil cuid mhór den mhilleán seo tuillte agus go ndéantaí iarracht réasúnta maith ar fhreastal ar pharóistí a raibh Gaeilge á labhairt iontu.

Béarla, mar a deir Wolf, a bhíodh chun tosaigh i ngnáthshaol Choláiste Mhaigh Nuad agus na gliarscoileanna eile a bunaíodh sa 19ú haois. Laidin a bhíodh á húsáid sa rang agus sa chuid ba mhó den churaclam agus ní chaitheadh na mic léinn ach sé nó seacht de bhlianta dá saol sa choláiste, i dtreo gur dheacair don oideachas ann féin Béarlóirí a dhéanamh de chainteoirí Gaeilge. Chomh maith leis sin, b'fhada gur cailleadh na sagairt go léir (agus Gaeilge ag a bhformhór) a oileadh roimh an mbliain 1800. Is dócha go raibh an dá theanga ar a dtail acu siúd san 18ú haois, agus fiú sa 19ú haois (roimh an Drochshaol, ar aon chuma) d'fhreastail a lán sagart ar an bpobal trí Ghaeilge. Dealraíonn sé go raibh cóip de Bhíobla Bedell ag cuid acu.

Deir Wolf gur léir ón anailís a rinneadh ar fhigiúirí daonáirimh go raibh Gaeilge ag suas le leath na mac léinn i Maigh Nuad i lár an 19ú haois (cé go raibh an céatadán i bhfad níos ísle i mblianta áirithe roimhe sin). Sa 19ú haois dhéanadh na heaspaig measúnacht fhoirmiúil ar oiriúnacht na bhfear óg ar mhian leo dul le sagartóireacht, agus i ndeoise mhór Chluana i gContae Chorcaí chuirtear eolas ar Ghaeilge san áireamh. Bhí Gaeilge ag dha thrían d'ábhar sagart na deoise anuas go dtí seascaidí na haoise: 73% sa bhliain 1851, 59% sa bhliain 1861 agus 48% sa bhliain 1871. Ní dócha go mbeadh meáchán an Bhéarla le haithint go soiléir go dtí na 1880í.

Is minic a chuirtear i leith Mhaigh Nuad agus na gliarscoileanna eile gur theip uirthi a ndóthain Gaeilge a thabhairt do shagairt óga agus gur fáisceadh dream as na coláistí céanna a spréigh dearcadh meánaicmeach Béarlaithe ar fud na tíre. Deir Wolf gur fiú an scéal a scrúdú arís. D'eascair nósanna na gcoláistí Éireannacha i leith na teanga ó nósanna na gcoláistí ar an Mór-Roinn, áit ar tugadh aird shuntasach ar úsáid na Gaeilge sa 17ú agus san 18ú haois. Ní cosúil go raibh rún ag na coláistí thar lear cainteoirí líofa a dhéanamh de dhaoine gan Ghaeilge, ach b'áil leo feabhas agus faobhar a chur ar Ghaeilge na ndaoine a raibh sí acu cheana, agus béim éigin á cur ar léamh agus scríobh na teanga.

Bhí súil ag na heaspaig ó thús go dtabharfadh Maigh Nuad oideachas do mhic léinn as gach taobh d'Éirinn agus go mbeadh daoine ina measc siúd a bheadh ag obair feasta i bparóistí Gaeltachta. D'fhág seo go raibh gá le hollamh le Gaeilge. Post é a bhí gan bhearna anuas go dtí an bhliain 1876, agus roinnt léachtóirí sealadacha ann ina dhiaidh sin. Tríd is tríd, ní raibh an tsuim chéanna ag na coláistí beaga sa teanga, cé go raibh ollamh le Gaeilge ceaptha i gColáiste Naomh Eoin i gContae Phort Láirge, áit a raibh an Ghaeilge láidir.

B'annamh a thabharfaí dispeansáid ó léann na Gaeilge i gColáiste Mhaigh Nuad do mhic léinn ó dheoisí Gaeltachta, cé gur minic i rith na 19ú haois go dtabharfaí do mhic léinn ó cheantair Bhéarla í. Maíonn Wolf nárbh fhéidir le sagairt a bheith dátheangach mura raibh Gaeilge ar a dtail acu ag dul isteach sa choláiste dóibh. Bhí an oiread sin staidéir le déanamh acu ar an oiread sin ábhar nach dtiocfadh leo Gaeilge a thabhairt leo mura raibh sí ó bhroinn acu. Os a choinne sin, mura raibh agat ach Gaeilge na scoile ba bhaolach go ndéanfaí staic mhagaidh díot agus tú ag seanmóireacht.

Bhí rudaí eile le cur san áireamh. B'éigean do mhic léinn Laidin mhaith agus roinnt Gréigise a bhreith isteach leo sa choláiste, teangacha ab féidir le cainteoirí Gaeilge a fhoghlaim ar bheagán costais i scoileanna tuaithe. Ach i dtús an 19ú haois thosaigh na heaspaig ag bunú scoileanna ullmhúcháin a raibh táill arda ag gabháil leo. Sna cathracha a bhí siad sin le fáil, agus bhí acadaimh Chaitliceacha á mbunú in éineacht leo. Daltaí tuaithe a bhí thíos leis seo, go háirithe nuair a tháinig leá chur na habhann ar na scoileanna scairte tar éis an Drochshaoil; faoi na 1860í bhí sé ag dul rite le daltaí tuaithe eolas a fháil ar Laidin. D'fhág seo an buntáiste ag Béarlóirí cathrach, agus, mar a deir Wolf, ní mór cúlú forleathan na teanga a chur san áireamh chomh maith. Níorbh é an t-oideachas cléiriúil ann féin, áfach, ba chúis le labhairt teanga amháin seachas teanga eile, ach staid na teanga i ndeoisí dúchais na mac léinn – deoisí a bhfillfidís orthu chun freastal ar a bpobal féin.

Le léamh:

Wolf, Nicholas M. (2008). *Language change and the evolution of religion, community, and culture in Ireland, 1800–1900*. The University of Wisconsin-Madison: Proquest.

Wolf, Nicholas M.. 'The Irish-Speaking Clergy in the Nineteenth Century: Education, Trends and Timing,' *New Hibernia Review*, Volume 12, Number 4, Geimhreadh/Winter 2008, lgh 62-63.

<http://www.nmwolf.net/>



An Domhan

Cailíní aimsire sa Mhalaeise

Tá an Chambóid tar éis cailíní aimsire a chosc ar dhul chun na Malaeise fad is a beidh fiosrú ar siúl faoi mhí-úsáide thall agus faoi dhrochiompar comhlachtaí earcaithe sa Chambóid. Choisc an Indinéis féin earcú ban óg ar feadh tamaill.

Tá cúis leis an gcosc: tá na mílte Cambódach mná ag obair sa Mhalaeise (tháinig 40,000 ar a laghad ón mbliain 2008 i leith), agus iad gan chúnadh gan chosaint dlí. Is coitianta an rud dóibh mí-úsáid a fhulaingt – bualadh, maslú, éigniú féin. Tá scéalta uafásacha le fáil sa taighde a rinneadh Human Rights Watch, ar nós scéal na mná a d'oibríodh dhá uair is fiche sa lá, nach bhfuair pingin pá riamh agus a mbuaileadh a fostóirí í. Is léir gur beag duine den chuid eile a fuair an pá a bhí ag dul di.

Ar an drochuair, ní deacair na mná sin a earcú. Bíonn timpeall 300,000 duine nua ar lorg oibre gach bliain sa Chambóid ach tá poist gann agus na bochtáin líonmhar. Ní deacair, mar sin, do chomhlachtaí earcaithe suí i mbun na mban óg arb áil leo airgead a shaothrú thar lear. Traenáiltear cailíní atá chomh hóg le ceithre bliana déag, cé nach mór dóibh a bheith bliain is fiche d'aois de réir dlí, agus baintear feidhm as cáipéisí falsa. Déanann na comhlachtaí na mná a smachtú ar shlite eile: tugtar bia agus eallach dá muintir siúd lena gceangal agus gearrtar táillí chomh hard sin ar na mná go dtógann sé na blianta orthu an fiach a íoc.

Deir lucht cosanta cearta daonna go caithfidh an dá rialtas cuidiú le hoibrithe baile ón gCambóid. Caithfidh na mná úd a bheith in ann teacht gan dua chun na n-údarás chun sásamh a fháil. Ba chóir an t-earcú a bheith de réir chaighdeán an ILO (*Eagraíocht Idirnáisiúnta an Lucht Oibre*) agus cúnadh a fháil ó ASEAN chuiige. De réir an chóras sponsóireachta atá anois ann, cuirtear an dlí ar oibrithe a theitheann ón mí-úsáid. Níl aon amhras ná go bhfuil a fhios ag Aireacht Oibre na Cambóide go bhfuil fadhb ann. Bheadh a fhios acu freisin go ndearna an Mhalaeise oibrithe Indinéiseacha a chosaint nuair a dhiúltaigh an Indinéis na hoibrithe sin a ligean thar sáile.

Féach:

<http://www.hrw.org/>

<http://www.voanews.com/khmer-english/news/Malaysia-Group-Says-Protection-Needed-for-Cambodian-Workers-133607018.html>

<http://www.voanews.com/khmer-english/news/Legal-Protections-Sought-For-Cambodian-Domestic-Workers-in-Malaysia-132998693.html>

Dochtúirí gan teorainn

An tSomáil

Ba dhóigh leat uaireanta ar na tuairiscí a fhaightear ón Afraic nach bhfuil le fáil ann ach gorta, cogadh agus galracha. Dearnadhtar (dá bhoichte iad cuid de na daoine) nach saol suaite atá ann ar fud na tíre. Mar sin féin, tá obair le déanamh ag lucht cabhrach i dtíortha áirithe. Tá *Médicins sans frontières* ag obair sa tSomáil ón mbliain 1991 i leith, agus ní gan chontúirt é: maraíodh Philippe Havet agus Karel Keiluhu, beirt dochtúirí, ar 29/12/12 in Mogadishu. Dá bhrí sin stad an eagraíocht de fhreastal ar phobal cheantar Hodan, agus dúnadh dhá ospidéal 120 leaba a bhí ann chun míchothú, bruitíneach agus calar a leigheas. Tá siad ag leanúint orthu, áfach, ag freastal ar othair sa chuid eile den chathair agus i ndeich áit eile sa tír.

Bhí *Médicins sans frontières* in Hodan ag cuidiú le 200,000 duine a tháinig chun Mogadishu ar lorg dídine. Is suntasach iad na figiúirí ó Mhí na Lúnasa 2011 i leith: 11,787 páiste míchothaithe, 1,232 duine a raibh buinneach orthu agus 861 duine eile a raibh bruitíneach orthu. Gearradh 67,228 páiste sa bhruitíneach.

Fuadaíodh Montserrat Serra agus Blanca Thiebaut, oibríthe cabhrach de chuid *Médecins sans frontières*, i gcampa Dadaab sa Chéinia ar 13/10/11, agus iad ag cuidiú le teithigh Shomálacha. Níor scaoileadh saor fós iad.

An Libia

Tá lá an dioltais tagtha sa Libia, agus dochtúirí in Misrata ag teacht ar othair ar chéas na fórsaí réabhlóideacha iad, rud a chuirfeadh i gcumhne duit drochnósanna Gaddafi. Tá *Médicins sans frontières* ag obair sna lárionaid choinneála ó Mhí na Lúnasa 2011, agus chuir siad in iúl do na húdaráis gur tháinig siad ar 115 duine a raibh lorg an chéasta orthu. Is léir go ndearnadh cuid acu a chéasadh arís fiú ina dhiaidh sin. Tá na dochtúirí tar éis stad dá gcuid oibre nó go dtiocfaidh Cuma eile ar an scéal.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au nó chun coling.ryan@ato.gov.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au or to coling.ryan@ato.gov.au.

Scéimeanna teanga

Deir Seán Ó Cuirreáin, Coimisinéir Teanga, gur beag rath a bhí ar na scéimeanna teanga a bhí á socrú ag comhlachtaí stáit² le Roinn na Gaeltachta. Tá na scéimeanna sin ann chun caighdeán na seirbhísí Gaeilge a fheabhsú. Tá mórán acu imithe as feidhm,³ áfach, agus gan aon scéim nua curtha i bhfeidhm.⁴

Is díol spéise iad⁵ Oifig an Uachtaráin, an Chomhairle Ealaíon, an tSeirbhís Chúirteanna, Comhairle Contae na Gaillimhe, Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, an Roinn Oideachais agus Scileanna agus Oifig an Ombudsman toisc go bhfuil a gcuid scéimeanna teanga imithe as feidhm le breis agus trí bliana.⁶

B'fhearr leis an gCoimisinéir an córas a athchóiriú⁷ agus dualgas teanga ar leith a bheith ar dhá shaghas comhlachtaí: iad siúd⁸ a bhfuil éileamh mór ar a gcuid seirbhísí, agus comhlachtaí atá ag plé le⁹ ceantair Ghaeltachta. Ní bheadh costas breise i gceist.

Dealraíonn sé nach bhfuil ranna rialtais róbhuartha faoi na gnóthaí seo¹⁰ ach oiread, mar nach ndúirt aon cheann acu cá mhéad a caitheadh ar chúrsaí teanga ná ar aistriúcháin anuraidh.

Nicholas M. Wolf agus meath na Gaeilge

Is scoláire óg ó Mheiriceá an Dochtúir Nicholas Wolf. Tá sé ina staraí. Tá taighde déanta aige ar mheath na Gaeilge sa 19ú haois, agus deir sé nár rud simplí é an meath sin. Is gearr ó bhí sé in Melbourne, príomhchathair Victoria na hAstráile, ag déanamh taighde ar théacsanna Gaeilge.

Deir sé gur fiú suim a chur i labhairt na Gaeilge mar rud cultúrtha seachas béim a chur ar an struchtúr agus ar eagrú teoiriciúil na cumarsáide. Deir sé nach ionann laghdú ar líon cainteoirí teanga agus íslíú stádas na teanga sin. Is féidir meas a bheith ar theanga fiú tar éis di dul i léig.

Is é an deacracht atá ann, dar leis, go dtugtar an iomarca airde ar thuairimí daoine oilte (scríbhneoirí agus lucht riaracháin) faoi stáid na Gaeilge, cé go bhfuil tairbhe le fáil as na tuairimí sin. Rinne sé iarracht ar úsáid a bhaint as foinsí a thugann léargas dúinn ar thuairimí an ghnáthphobail.

Deir sé go raibh baint mhór ag an teanga leis an gCríostaíocht agus mhair seo tar éis gur chúlaigh an Ghaeilge ón gcuid eile den saol. Thug cuid de na heaspaig iarracht ar shagairt le Gaeilge a sholáthar do phobail Ghaeilge agus mhol siad úsáid na teanga sa séipéal.

Síleann Wolf nach raibh lagú na teanga ag brath ar stádas íseal lucht na Gaeilge ag an am. Ba dheacair tuairimí daoine a mheas de réir a n-aicme sóisialta.

² Comhlachtaí stáit – public companies

³ Imithe as feidhm - expired

⁴ Curtha i bhfeidhm - activated

⁵ Is díol spéise (iad) – (they) are an object of interest

⁶ Le breis is trí bliana – for more than three years

⁷ Athchóiriú – reform, modernise

⁸ Iad siúd – those (companies)

⁹ Ag plé le – dealing with

¹⁰ Róbhuartha faoi na gnóthaí seo – over-troubled by these considerations